Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Nollaig 2025
(OR. en)

5257/25

LIMITE

CORLX 39
CFSP/PESC 60
CSDP/PSDC 19
COEST 20
RELEX 32
CONUN 8
EUAM UKRAINE 2
CSC 24

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2014/486/CBES maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh 2014/486/CBES maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine)**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/486/CBES[1] lenar bunaíodh Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine).

(2) An 23 Feabhra 2022, thug Cónaidhm na Rúise cogadh foghach gan chúis gan údar faoin Úcráin, rud a cháin an Chomhairle Eorpach go géar sna conclúidí uaithi an 24 Feabhra 2022.

(3) An 18 Márta 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/452[2], lenar tugadh an cúram sealadach breise do EUAM Ukraine comhairle a chur ar údaráis na hÚcráine d'fhonn sreabhadh na ndídeanaithe go dtí an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic ón Úcráin a éascú mar aon le tabhairt isteach na cabhrach daonnúla san Úcráin a éascú.

(4) An 13 Aibreán 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/638[3], lenar tugadh an cúram breise do EUAM Ukraine tacaíocht a thabhairt d'údaráis na hÚcráine imscrúdú agus ionchúiseamh coireanna idirnáisiúnta a éascú.

(5) An 23 Meitheamh 2022, dheonaigh an Chomhairle Eorpach stádas tír is iarrthóir ar aontachas leis an Aontas don Úcráin.

---

[1] IO L 217, 23.7.2014, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/486/oj.

[2] Cinneadh (CBES) 2022/452 ón gComhairle an 18 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/486/CBES maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Slándála Sibhialta san Úcráin (EUAM Ukraine), (IO L 92, 21.3.2022, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/452/oj).

[3] Cinneadh (CBES) 2022/638 ón gcomhairle an 13 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/486/CBES maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine), (IO L 117, 19.4.2022, lch. 38. ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/638/oj).



PUBLIC

(6) Sna Conclúidí uaithi an 11 Nollaig 2023, sna conclúidí maidir leis an gcomhbheartas slándála agus cosanta (CBSC) sibhialtach, chuir an Chomhairle i dtreis tacaíocht bhuanseasmhach fhadtéarmach an Aontais don Úcráin. Leag an Chomhairle béim láidir ar a thábhachtaí atá sé tacaíocht do CBSC sibhialtach a neartú agus freagairt go mear do riachtanais mhéadaitheacha na hÚcráine mar chuid d'iarrachtaí níos leithne an Aontais chun slándáil na hÚcráine a fheabhsú. Mhol an Chomhairle an obair uile atá déanta ag EUAM Ukraine, lena n-áirítear tacaíocht don athchóiriú ar earnáil slándála na hÚcráine agus bainistiú comhtháite teorainneacha, agus, mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise, na hiarrachtaí a rinneadh i réimse imscrúdú agus ionchúiseamh coireanna idirnáisiúnta agus i ndáil leis an smacht reachta a athbhunú sna críocha a saoradh agus sna críocha tadhlacha.

(7) Sna Conclúidí uaithi maidir le méadú an 12 Nollaig 2023, agus Clár Oibre Thessaloniki 2003 agus na conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí an Mheithimh 2022 á meabhrú aici, dhearbhaigh an Chomhairle a tiomantas iomlán aonchiallach do na hionchais do bhallraíocht an Aontais atá ag na Balcáin Thiar, ag an Úcráin, ag Poblacht na Moldóive agus ag an tSeoirsia, agus athdhearbhaíonn sí gurb é an tAontas is dán dóibh.

(8) Sna Conclúidí uaithi an 22 Márta 2024, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl go bhfuil an tAontas fós tiomanta do thacú le deisiú, téarnamh agus atógáil na hÚcráine, i gcomhar leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur neartaíodh EUAM Ukraine, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann cur leis an tacaíocht a thugtar do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na hÚcráine sna críocha a saoradh agus sna críocha tadhlacha, agus go mbeifear in ann athchóirithe a dhéanamh i gcomhthéacs phróiseas aontachais na hÚcráine leis an Aontas.

PUBLIC

(9) Sna Conclúidí uaithi an 23 Deireadh Fómhair 2025, ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an obair leanúnach atá á déanamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar EUAM Ukraine agus ar Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine). Tá sé geallta ag na Ballstáit go rannchuideoidh siad le hoiliúint agus trealamh a chur ar fáil d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine.

(10) An 18 Samhain 2025, i gcomhthéacs an athbhreithnithe straitéisigh ar EUAM Ukraine, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála sainordú EUAM Ukraine.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/486/CBES a leasú chun toradh an athbhreithnithe straitéisigh ar EUAM Ukraine a léiriú agus chun an méid tagartha airgeadais don tréimhse ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2027 a thabhairt cothrom le dáta.

(12) Cuirfear EUAM Ukraine i gcrích i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2014/486/CBES mar a leanas:

1. in Airteagal 2(1), cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

‘(e) tacú le beartais agus straitéisí a fhorbairt lenar féidir leis an Úcráin acmhainneachtaí cuimsitheacha a fhorbairt chun bagairtí hibrideacha a chomhrac agus réimsí a shainaithint inar féidir an fothú acmhainneachta a chur ar fáil, i gcomhréir le riachtanais na hÚcráine atá ag athrú agus le hiarrataí atá á ndéanamh aici;

(f) tacú le (hath)lánpháirtiú na n-iarshaighdiúirí in earnálacha na slándála sibhialta agus na cosanta sibhialta san Aireacht um Ghnóthaí Iarbhaill na bhFórsaí Armtha, san Aireacht Gnóthaí Baile, sa tSeirbhís Éigeandála Stáit, sna gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, agus, i gcás inarb ábhartha, san Aireacht Cosanta, rud a áirithíonn úinéireacht na hÚcráine.’;

2. in Airteagal 2, mír 2, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

‘(f) chun críocha mhír 1, pointe (f), comhoibriú agus comhordú go dlúth le toscaireacht an Aontais agus le gníomhaithe ábhartha eile, lena n-áirítear na Ballstáit.’;

‘(g) féach ar na féidearthachtaí atá ann tacaíocht a chur ar fáil, go háirithei ndáil le cosaint an bhonneagair chriticiúil, an chibearshlándáil agus cur i gcoinne ionramháil eachtrach agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, agus earcú ar líne a dhéanann an Rúis agus gníomhaithe eile i measc grúpaí soghabhálacha agus leochaileacha le haghaidh gníomhaíochtaí treascracha nó sceimhlitheoireachta i gcoinne na hÚcráine;

PUBLIC

(h) féachaint leis an gcomhar idirghníomhaireachta a áirithiú chomh maith leis an gcomhar le húdaráis agus gníomhaireachtaí ábhartha san Aontas agus sna Ballstáit agus le comhpháirtithe eile, cuir i gcás ECAT agus an Lárionad Eorpach um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha agus a ghníomhaíochtaí a chomhordú le clár oibre oiliúna an Choláiste Eorpaigh um Shlándáil agus um Chosaint, go háirithe sa chibear-réimse;

(i) úsáid iomlán a bhaint as uirlisí gearrthéarmacha, cuir i gcás foirne speisialaithe agus saineolaithe ar chuairt, lena n-áirítear iad a úsáid faoi chuimsiú an chomhair leis an bhFórsa Gendarmerie Eorpach (EUROGENDFOR), i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí;

(j) an comhar agus malartú dea-chleachtas le Misean Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv (EUPM Moldova) a neartú.';

(3) in Airteagal 14(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deiridh:

'Is é EUR 128 025 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann le EUAM Ukraine a chumhdach don tréimhse ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2027.'.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC